



CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/105 ÓN gCOIMISIÚN
an 22 Eanáir 2025

lena leasaítear Cinneadh 2006/771/CE lena nuashonraítear coinníollacha teicniúla comhchuibhithe i réimse na húsáide speictrim raidió le haghaidh gairis gearr-raoin agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/641/AE maidir le coinníollacha teicniúla comhchuibhithe i ndáil le húsáid speictrim raidió i dtáifeadadh clár fuaimne gan sreang agus ag trealamh le haghaidh imeachtaí speisialta san Aontas

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 192)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh Uimh. 676/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Márta 2002 maidir le creat rialála don bheartas speictrim raidió sa Chomhphobal Eorpach (an Cinneadh maidir le Speictream Raidió) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is iondúil gur trealamh raidió mórmharghaidh nó iniompartha nó an dá rud é gaireas gearr-raoin ar féidir é a iompar agus a úsáid go héasca thar teorainneacha. Le héagsúlachtaí maidir le coinníollacha rochtana ar speictream, tá riosca go gcruthófar trasnaíocht díobhálach le feidhmeanna agus seirbhísí raidió eile, go gcuirfear bac ar shaorghluaiseacht na bhfeidhmeanna agus na seirbhísí sin agus go n-ardófar a gcostais táirgthe.
- (2) Is iad Cinneadh 2006/771/CE ⁽²⁾ ón gCoimisiún agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1538 ⁽³⁾ ón gCoimisiún an creat rialála le haghaidh gairis gearr-raoin, lena dtacaítear le nuálaíocht i raon leathan feidhmeanna laistigh den mhargadh aonair digiteach.
- (3) Le Cinneadh 2006/771/CE, comhchuibhítear na coinníollacha teicniúla maidir le húsáid speictrim le haghaidh réimse leathan gairis gearr-raoin i réimsí feidhme amhail aláráim, cumarsáid logánta, cianrialú, ionchlannáin leighis agus bailiú sonraí leighis, córais chliste iompair agus 'Idirlíon na Rudaí Nithiúla' lena n-áirítear sainaitheint radaimhnicíochta ('RFID'). Dá bharr sin, níl gairis gearr-raoin lena n-urramaítear na coinníollacha teicniúla comhchuibhithe sin faoi réir rud eile seachas údarú ginearálta faoin dlí náisiúnta.
- (4) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1538 déantar comhchuibhiú breise ar na coinníollacha teicniúla freisin maidir le húsáid speictrim ag gairis gearr-raoin laistigh de na bandaí minicíochta 874-874,4 agus 915-919,4 MHz. Sna bandaí minicíochta sin, tá an timpeallacht chomhroinnte difriúil leis an gcuid eile den speictream raidió a úsáideann gairis gearr-raoin agus tá córas rialála sonrach ag teastáil ina leith. Leis an gCinneadh sin, cumasaítear réitigh ardteicneolaíochta RFID chomh maith le feidhmchláir 'Idirlíon na Rudaí Nithiúla' atá bunaithe ar ghairis gearr-raoin líonraithe laistigh de líonraí sonraí.
- (5) Tagann feidhmeanna nua le haghaidh gairis gearr-raoin chun cinn go rialta de bharr thábhacht mhéadaitheach na ngaireas sin don gheilleagar agus de bharr athruithe tapa ar an teicneolaíocht agus ar éilimh na sochaí. Maidir le feidhmeanna den sórt sin, is gá nuashonrú rialta a dhéanamh ar choinníollacha teicniúla comhchuibhithe maidir le húsáid speictrim.

⁽¹⁾ IO L 108, 24.4.2002, lch. 1, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2002/676\(1\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2002/676(1)/oj).

⁽²⁾ Cinneadh 2006/771/CE an 9 Samhain 2006 ón gCoimisiún maidir le comhchuibhiú an speictrim raidió lena úsáid ag gairis gearr-raoin (IO L 312, 11.11.2006, lch. 66, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2006/771\(2\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2006/771(2)/oj)).

⁽³⁾ Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1538 an 11 Deireadh Fómhair 2018 ón gCoimisiún maidir le comhchuibhiú an speictrim raidió lena úsáid ag gairis gearr-raoin laistigh de na bandaí minicíochta 874-876 agus 915-921 MHz (IO L 257, 15.10.2018, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/1538/oj).

- (6) Bunaithe ar an sainordú buan a thug an Coimisiún do Chomhdháil Eorpach na Riarachán Poist agus Teileachumarsáide (CEPT) i mí Iúil 2006, de bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh Uimh. 676/2002/CE, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/771/CE a nuashonrú chun forbairtí teicneolaíochta agus margaidh i réimse na ngairias gearr-raoin a léiriú. Rinneadh an Iarscríbhinn sin a leasú ocht n-uaire. An obair a rinneadh ar bhonn an tsainordaithe bhuaín a ghabhann le CEPT, bhí sí mar bhonn freisin do Chinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1538/AE, lena soláthraítear speictream breise de ghairis gearr-raoin laistigh de na raonta minicíochta 874-874,4 agus 915-919,4 MHz.
- (7) An 21 Deireadh Fómhair 2021, d'eisigh an Coimisiún treoirlitir don naoú timthriall nuashonrúcháin. Mar fhreagairt ar an sainordú buan do CEPT agus i gcomhréir leis an treoraíocht sin, chuir CEPT Tuarascáil 85 faoi bhráid an Choimisiúin an 8 Márta 2024. Le cois feabhsuithe ar iontrálacha atá ann cheana a bhfuil feidhm acu maidir le hionchlannáin leighis ghníomhacha, RFID, feidhmeanna gutha agus físe agus gairis cúnta éisteachta, tá molta ag CEPT iontrálacha nua a chur leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/771/CE. Leis na hiontrálacha nua sin cumasaítear úsáid speictrim ag córais radair cró shintéisigh ('SAR') talamhbhunaithe agus ag scanóirí slándála. Dá bhrí sin, ba cheart an tuarascáil a bheith mar bhonn teicniúil don Chinneadh seo.
- (8) I dTuarascáil 85, mhol CEPT freisin go n-áireofaí san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2006/771/CE coinníollacha teicniúla is infheidhme maidir le gairis fuaime chun cláir a dhéanamh agus do theagmhais speisialta ('gairis fuaime PMSE') a úsáideann 32,3 MHz de speictream comhchuibhithe i mbandaí minicíochta 800 MHz agus 1800 MHz agus mhol sé go n-aisghairfí Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/641/AE (*) ón gCoimisiún.
- (9) Ina Theachtaireacht an 26 Meán Fómhair 2012 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún (**), d'aithin an Coimisiún go bhfuil tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta ar cheann de na hearnálacha eacnamaíocha is dinimiciúla san Eoraip agus gur spreagadh rithábhachtach iad don éagsúlacht chultúrtha san Eoraip. Go háirithe, le hAirteagal 8(5) de Chinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), cuirtear i bhfios go láidir a thábhachtaí atá PMSE agus ceanglaítear ar na Ballstáit, i gcomhar leis an gCoimisiún, féachaint leis na bandaí minicíochta is gá a áirithiú do threalamh den sórt sin, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais feabhas a chur ar chomhtháthú an mhargaidh inmheánaigh agus ar rochtain ar chultúr.
- (10) Is minic a sháróidh na ceanglais maidir le himeachtaí sóisialta agus cultúrtha an méid 32,3 MHz atá ar fáil i mbandaí minicíochta 800 MHz agus 1 800 Mhz. Ós rud é gur mór idir na ceanglais speictrim maidir le húsáid fuaime PMSE, is gá a áirithiú ar leibhéal an Aontais go mbeidh 62,3 MHz ar a laghad de speictream inbhuanaithe ar fáil chun freastal ar ghnáthriachtanais athfhillteacha d'úsáideoirí gairias fuaime PMSE.
- (11) Ba cheart an méid breise 30 MHz speictrim ar a laghad chun freastal ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar fheidhmchláir fuaime PMSE ag imeachtaí sóisialta agus cultúrtha a roghnú ó raonta tíunta a chinnfidh na Ballstáit, sa raon speictrim 470-790 MHz más féidir.
- (12) Maidir le gairis gearr-raoin atá ag oibriú laistigh de na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo, ba cheart dóibh Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) a chomhlíonadh freisin.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2006/771/CE a leasú agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/641/AE a aisghairm dá réir sin.
- (14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an Speictream Raidió,

(*) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/641/AE ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2014 maidir le coinníollacha teicniúla comhchuibhithe i ndáil le húsáid speictrim raidió i dtairfeadh clár fuaime gan sreang agus ag trealamh le haghaidh imeachtaí speisialta san Aontas (IO L 263, 3.9. 2014, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2014/641/oj).

(**) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Promoting cultural and creative sectors for growth and jobs in the EU* [Earnálacha an chultúir agus na cruthaíochta a chur chun cinn le haghaidh fáis agus post san Aontas Eorpach] COM(2012) 537 final.

(*) Cinneadh Uimh. 243/2012/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2012 lena mbunaítear clár beartais ilbhliantúil um an speictream raidió (IO L 81, 21.3.2012, lch. 7, ELI: [http://data.europa.eu/eli/dec/2012/243\(2\)/oj](http://data.europa.eu/eli/dec/2012/243(2)/oj)).

(*) Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2014/53/oj>).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2006/771/CE mar a leanas:

(1) In Airteagal 3, cuirtear an mhír seo a leanas i ndiaidh mhír 2:

‘2a. Ainmneoidh na Ballstáit speictream raidió agus cuirfidh siad ar fáil é de bhreis ar an speictream a chomhchuibhítear leis an gCinneadh seo le haghaidh gairis fuaim PMSE, ionas gur féidir méid breise 30 MHz ar a laghad a úsáid le haghaidh gairis fuaim PMSE, faoi réir éileamh úsáideoirí, mar chomhlánú ar na bandaí a shainaitheann san Iarscríbhinn. Beidh an úsáid sin ag gairis fuaim PMSE ar bhonn neamhthrasnaíochta agus neamhchosanta maidir le húsáideoirí a bhfuil ceart aonair acu an speictream sin a úsáid.’;

(2) in Airteagal 4a, cuirtear ‘1 Samhain 2025’ in ionad an dáta ‘1 Deireadh Fómhair 2022’;

(3) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/641/AE le héifeacht ón 1 Iúil 2025.

Airteagal 3

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Henna VIRKKUNEN
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin

Bandáí minicíochta le coinníollacha teicniúla comhchuibhithe comhfhreagracha agus spriocanna cur chun feidhme le haghaidh gairis gearr-raoin

I dTábla 1 sainmhínítear raon feidhme catagóirí éagsúla gairis gearr-raoin (a shainmhínítear in Airteagal 2(3)) lena mbaineann an Cinneadh seo. I dTábla 2 sonraítear comhcheangail éagsúla banda minicíochta agus catagóire gairis gearr-raoin agus na coinníollacha teicniúla comhchuibhithe le haghaidh rochtain ar speictream agus na spriocanna cur chun feidhme is infheidhme maidir léi.

Coinníollacha teicniúla ginearálta is infheidhme i leith na mbandaí agus na ngaireas gearr-raoin uile a thagann faoi raon feidhme an Chinnidh seo:

- Ceadóidh Ballstáit na bandáí minicíochta cóngaracha a leagtar amach i dTábla 2 a úsáid mar bhanda minicíochta aonair ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha sonracha de gach ceann de na bandáí minicíochta aonair sin.
- Ceadóidh Ballstáit úsáid speictrim suas go dtí an **chumhacht tarchuir, an neart réimse nó an dlús cumhachta** a leagtar amach i dTábla 2. De bhun Airteagal 3(3), féadfaidh siad coinníollacha nach bhfuil chomh srianta céanna a fhorchur, is é sin le rá úsáid speictrim a bhfuil cumhacht tarchuir, neart réimse nó dlús cumhachta níos airde aige a cheadú ar choinníoll nach laghdáítear ná nach gcuirtear i mbaol an chómhaireachtáil iomchuí idir gairis gearr-raoin i mbandaí a chomhchuibhítear leis an gCinneadh seo.
- Ní fhéadfaidh na Ballstáit ach na **paraiméadair bhreise** (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil) a leagtar amach i dTábla 2 a fhorchur agus ní chruthóidh siad aon pharaiméadar eile ná aon cheanglas eile maidir le rochtain ar speictream agus maolú trasnaíochta. Leis na coinníollacha is lú srianadh de bhun Airteagal 3(3), féadfaidh Ballstáit na paraiméadair bhreise sin a fhágáil go hiomlán ar lár i gcill ar leith nó luachanna níos airde a cheadú, ar choinníoll nach gcuirtear an timpeallacht chomhroinnte iomchuí sa bhanda comhchuibhithe i mbaol.
- Ní fhéadfaidh na Ballstáit ach na **srianta úsáide eile** a leagtar amach i dTábla 2 a fhorchur agus ní chuirfidh siad srianta úsáide breise leo. De bhrí go bhféadfar coinníollacha is lú srianadh a chur i bhfeidhm de bhun Airteagal 3(3), féadfaidh Ballstáit ceann amháin de na srianta sin nó gach ceann acu a fhágáil ar lár, ar choinníoll nach gcuirtear an timpeallacht chomhroinnte iomchuí sa bhanda comhchuibhithe i mbaol.
- Beidh feidhm ag coinníollacha is lú srianadh de bhun Airteagal 3(3) gan dochar do Threoir 2014/53/AE.

Chun críocha na hIarscríbhíne seo, tá feidhm ag an sainmhíniú seo a leanas maidir le **timthriall**:

ciallaíonn **'timthriall'** an cóimheas, arna shloinneadh mar chéatadán, de $\Sigma(\text{Ton})/(\text{Tobs})$, áit arb é Ton an tréimhse lena n-astaíonn gaireas aonair agus arb é Tobs an tréimhse bhreathnadóireachta. Déantar Ton a thomhas i mbanda minicíochta breathnadóireachta (Fobs). Mura sonraítear a mhalairt san iarscríbhinn theicniúil seo, is tréimhse aon uair an chloig leanúnach é Tobs agus is é Fobs an banda minicíochta is infheidhme san iarscríbhinn theicniúil seo. Leis na coinníollacha is lú srianadh de réir bhrí Airteagal 3(3), féadfaidh na Ballstáit luach níos airde a cheadú le haghaidh 'timthriall'.

Tábla 1

Catagóirí de ghairis gearr-raoin de bhun Airteagal 2(3) agus a raon feidhme

Catagóir de ghairis gearr-raoin	Raon feidhme
Gairis gearr-raoin (SRD) neamhshonracha	Cumhdaítear gléasanna raidió de gach cineál, beag beann ar an bhfeidhm ná ar an gcuspóir atá leo, lena gcomhlíontar na coinníollacha teicniúla a shonraítear le haghaidh banda minicíochta ar leith. I measc na ngnáth-úsáidí, tá teiliméadracht, cianrialú, aláraim, tarchur sonraí i gcoitinne agus feidhmeanna eile.

Catagóir de ghairis gearr-raoin	Raon feidhme
Gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha	Cumhdaítear an chomhpháirt raidió de ghairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha atá beartaithe lena dtabhairt isteach ina hiomláine nó i bpáirt, trí idirghabháil máinliachta nó leighis, i gcorp an duine nó i gcorp ainmhithe, agus i gcás inarb infheidhme a bhforimeallaigh. Sainmhíntear gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha i dTreoir 90/385/CEE ⁽¹⁾ ón gComhairle.
Gairis cúnta éisteachta (ALD)	Cumhdaítear córais raidióchumarsáide lenar féidir le daoine a bhfuil lagú éisteachta acu a gcumas éisteachta a mhéadú. Ar na gnáthshuiteálacha córais tá tarchuradóir raidió amháin nó níos mó agus glacadóir raidió amháin nó níos mó.
Gairis le haghaidh Taifeadh Clár Fuaime agus Imeachtaí Speisialta (PMSE)	Cumhdaítear gléasanna raidió a úsáidtear chun comharthaí fuaime analógacha nó digiteacha a tharchur idir líon teoranta tarchuradóirí agus glacadóirí, amhail micreafóin raidió, monatóirí inchlusa nó naisc fuaime, a úsáidtear go príomha chun clár chraolta nó imeachtaí sóisialta nó cultúrtha príobháideacha nó poiblí a tháirgeadh.
Gairis ionductaithe	Cumhdaítear gléasanna raidió lena n-úsáidtear réimsí maighnéadacha ag a bhfuil lúbchórais ionductaithe le haghaidh cumarsáidí neasréimse agus feidhmeanna rad-aimsithe. Áirítear leis seo, de ghnáth, gairis le haghaidh doghluaiseacht gluaiseáin, sainathint ainmhithe, córais aláirim, brath cáblaí, bainistiú dramhaíola, céannacht phearsanta, naisc ghutha gan sreang, rialú rochtana, braiteoirí neasachta agus miotail, córais frithghadaíochta chomh maith le córais ionductaithe frithghadaíochta RF, aistriú sonraí go gairis láimhe, sainathint uathoibríoch earraí, córais rialaithe gan sreang agus dolai bóthair uathoibríocha.
Gairis aláirim iontaofa	Cumhdaítear gairis raidió lena n-úsáidtear, mar phríomhfheidhmiúlacht, tacaíocht raidióchumarsáide chun foláireamh a thabhairt do chóras nó do dhuine atá ar shuíomh cianda nuair a tharlaíonn fadhb nó cás sonrath. I measc na n-aláram raidió tá alárim shóisialta agus alárim le haghaidh slándála agus sábháilteachta.
Gairis fála sonraí leighis	Cumhdaítear tarchur sonraí neamh-ghutha go gairis leighis do-ionchlannaithe agus uathu chun faireachán a dhéanamh ar othair in áiseanna cúraim sláinte nó ina dtithe féin, iad a dhiagnóisiú agus cóir leighis a chur orthu mar atá forordaithe ag gairmithe cúraim sláinte cuí-údaraithe.
Gairis PMR446	Cumhdaítear trealamh iniompartha (nach mbaineann úsáid as stáisiún bunáite ná athchraoltóir) ar iompar ag duine nó arna n-oibriú de lámh agus nach n-úsáideann ach aeróga comhtháite amháin chun uasmhéadú a dhéanamh ar chomhroinnt agus chun íoslaghdú a dhéanamh ar thrasnaíocht. Oibríonn trealamh PMR 446 i modh gearr-raoin idir piaraí agus ní úsáidfeair é mar chuid de ghréasán bonneagair ná mar athchraoltóir.
Gairis rad-aimsithe	Cumhdaítear gléasanna raidió a úsáidtear chun suíomh, treoluas agus/nó tréithe eile réada a chinneadh, nó chun faisnéis a fháil a bhaineann leis na paraiméadair sin. De ghnáth déantar tomhais le trealamh rad-aimsithe chun tréithe den sórt sin a fháil. Ní áirítear le gairis rad-aimsithe aon chineál cumarsáide raidió ó phointe go pointe ná ó phointe go hilphointe.
Gairis le haghaidh sainathint radaimhnicíochta (RFID)	Cumhdaítear córais raidióchumarsáide atá bunaithe ar chlibeanna/ar chórais ceistiúcháin, ina bhfuil (i) gléasanna raidió (clibeanna) ceangailte le hítimí beo nó neamhbheo agus (ii) aonaid tarchuir/ghlacadóra (cuardaitheoirí) a chuireann an chlib ar siúl agus a fhaigheann sonraí ar ais uaithe. I measc na bhfeidhmeanna is forleithne tá ítimí a rianú nó a shainathint, mar shampla chun faireachas a dhéanamh ar earraí leictreonacha (EAS) agus chun sonraí a bhaineann leis na hítimí a bhfuil na clibeanna ceangailte a bhailiú agus a tharchur, ítimí ar féidir leo a bheith gan cheallra, ceallra-chuidithe nó ceallra-chumhachtaithe. Bailíochtaítear na freagairtí ó chlib lena córas ceistiúcháin agus cuirtear iad ar aghaidh go dtí a córas óstach.

⁽¹⁾ Treoir 90/385/CEE ón gComhairle an 20 Meitheamh 1990 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha (IO L 189, 20.7.1990, lch. 17).

Catagóir de ghairis gearr-raoin	Raon feidhme
Gairis teileamaitice iompair agus tráchtá	Cumhdaítear gléasanna raidió a úsáidtear sna réimsí iompair (bóthar, iarnród, uisce nó aer, ag brath ar na srianta teicniúla ábhartha), bainistíochta tráchtá, loingseoireachta, bainistíocht soghluaisteachta agus i gcórais chliste iompair (ITS). I measc na bhfeidhmeanna is forleithne tá comhéadain idir modhanna éagsúla iompair, cumarsáid idir feithiclí (e.g. gluaisteán go gluaisteán), idir gluaisteáin agus suíomhanna fosaithe (e.g. gluaisteán go bonneagar) chomh maith le cumarsáid ó úsáideoirí agus go dtí iad.
Gairis tarchurtha sonraí leathanbhanda	Cumhdaítear gléasanna raidió lena n-úsáidtear teicnící modhnúcháin leathanbhanda chun rochtain a fháil ar an speictream. I measc na ngnáth-úsáidí tá córais rochtana gan sreang amhail líonraí achair logánta raidió (WAS/RLAN) nó gairis gearr-raoin (SRDanna) leathanbhanda i líonraí sonraí.

Tábla 2

Bandaí minicíochta le coinníollacha teicniúla comhchuibhithe comhfhreagracha agus spriocanna cur chun feidhme le haghaidh gairis gearr-raoin

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/ teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriocdháta cur chun feidhme
1	9-59,750 kHz	Gairis ionductaithe	72 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
90	9-148 kHz	Gairis rad-aimsithe	46 dB μ A/m ag 10 méadar ag minicíocht thagartha 100 Hz, lasmuigh den ghléas Athshondais Maighnéadaigh Núicléach (AMN). Neart réimse mhaighnéadaigh íslitheach 10 dB/deichniúr os cionn 100 Hz.		Le haghaidh feidhmeanna Athshondais Mhaighnéadaigh Núicléach (AMN) iata [j].	An 1 Iúil 2022
2	9-315 kHz	Gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha	30 dB μ A/m ag 10 méadar	Timthriall \leq 10 %		An 1 Iúil 2014
3	59,750-60,250 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
4	60,250-74,750 kHz	Gairis ionductaithe	72 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
5	74,750-75,250 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/ teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriodhata cur chun feidhme
6	75,250-77,250 kHz	Gairis ionductaithe	72 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
7	77,250-77,750 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
8	77,750-90 kHz	Gairis ionductaithe	72 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
9	90-119 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
10	119-128,6 kHz	Gairis ionductaithe	66 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
11	128,6-129,6 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
12	129,6-135 kHz	Gairis ionductaithe	66 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
13	135-140 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
14	140-148,5 kHz	Gairis ionductaithe	37.7 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
15	148,5-5 000 kHz [1]	Gairis ionductaithe	-15 dB μ A/m ag 10 méadar in aon bhandaleithead de 10 kHz. Thairis sin, is é -5 dB μ A/m ag 10 méadar an neart réimse iomlán le haghaidh córais a bhíonn ag oibriú ag bandaleithid níos mó ná 10 kHz			An 1 Iúil 2014
91	148-5 000 kHz	Gairis rad-aimsithe	-15 dB μ A/m ag 10 méadar lasmuigh den ghléas Athshondais Maighnéadaigh Núicléach (AMN).		Le haghaidh feidhmeanna Athshondais Mhaighnéadaigh Núicléach (AMN) iata [j].	An 1 Iúil 2022

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/ teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriodhata cur chun feidhme
16	315-600 kHz	Gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha	-5 dB μ A/m ag 10 méadar	Timthriall \leq 10 %	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do ghairis ionchlannáin ainmhí	An 1 Iúil 2025
17	400-600 kHz	Gairis le haghaidh Sainaitheint Radaimhnicíochta (RFID)	-8 dB μ A/m ag 10 méadar in aon bhandaleithhead de 10 kHz. Thairis sin, is é -5 dB μ A/m ag 10 méadar an neart réimse iomlán le haghaidh córais a bhíonn ag oibriú ag bandaleithid níos mó ná 10 kHz	Bandaleithhead \leq 30 kHz		An 1 Iúil 2025
85	442,2-450,0 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	7 dB μ A/m ag 10 méadar	Spásáil cainéal \geq 150 Hz	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do ghairis le haghaidh daoine a bhrath agus gairis seachanta imbhuailti.	An 1 Eanáir 2020
18	456,9-457,1 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	7 dB μ A/m ag 10 méadar		Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do ghairis le haghaidh íospartaigh faoi thalamh agus earraí luachmhara a bhrath.	An 1 Iúil 2014
19	984-7 484 kHz	Gairis Teileamaitice Iompair agus Tráchtá	9 dB μ A/m ag 10 méadar	Timthriall \leq 1 %	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do tharchuir Eurobalise ar thraenacha a bhaineann úsáid as banda 27 090-27 100 kHz le haghaidh teilealuchtaithe de bhun na coinníollacha atá sonraithe le haghaidh banda 28.	An 1 Iúil 2014
20	3 155-3 400 kHz	Gairis ionductaithe	13.5 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriodhata cur chun feidhme
21	5 000-30 000 kHz [2]	Gairis ionductaithe	-20 dB μ A/m ag 10 méadar in aon bhandaleithead de 10 kHz. Thairis sin, is é -5 dB μ A/m ag 10 méadar an neart réimse iomlán le haghaidh córais a bhíonn ag oibriú ag bandaleithid níos mó ná 10 kHz			An 1 Iúil 2014
92	5 000-30 000 kHz	Gairis rad-aimsithe	-5 dB μ A/m ag fad 10 méadar lasmuigh den ghléas Athshondais Maighnéadaigh Núicléach (AMN).		Le haghaidh feidhmeanna Athshondais Mhaighnéadaigh Núicléach (AMN) iata [j].	An 1 Iúil 2022
22	6 765-6 795 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
23	7 300-23 000 kHz	Gairis Teileamaitice Iompair agus Tráchtá	-7 dB μ A/m ag 10 méadar	Tá feidhm ag ceanglais maidir le haeróga [8].	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do tharchuir Eurobalise ar thraenacha a bhaineann úsáid as banda 27 090-27 100 kHz le haghaidh teilealuchtaithe de bhun na coinníollacha atá sonraithe le haghaidh banda 28.	An 1 Iúil 2014
24	7 400-8 800 kHz	Gairis ionductaithe	9 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
25	10 200-11 000 kHz	Gairis ionductaithe	9 dB μ A/m ag 10 méadar			An 1 Iúil 2014
26	12 500-20 000 kHz	Gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha	-7 dB μ A/m ag 10 méadar in aon bhandaleithead de 10 kHz	Timthriall \leq 10 %	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do ghairis ionchlannáin ainmhithe lena n-úsáid faoi dhíon.	An 1 Iúil 2025
27a	13 553-13 567 kHz	Gairis ionductaithe	42 dB μ A/m ag 10 méadar	Tá feidhm ag ceanglais maidir le masc tarchuir agus aeróg le haghaidh gach deighleán minicíochta comhcheangailte [8], [9].		An 1 Eanáir 2020
27b	13 553-13 567 kHz	Gairis le haghaidh Sainithint Radaimhnicíochta (RFID)	60 dB μ A/m ag 10 méadar	Tá feidhm ag ceanglais maidir le masc tarchuir agus aeróg le haghaidh gach deighleán minicíochta comhcheangailte [8], [9].		An 1 Iúil 2014

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriodhata cur chun feidhme
27c	13 553-13 567 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	10 mW e.r.p.			An 1 Iúil 2014
28	26 957-27 283 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	10 mW e.r.p.			An 1 Iúil 2014
29	26 990-27 000 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	100 mW e.r.p.	Timthriall $\leq 0,1$ % Féadfar gairis rialaithe mionsamhlacha [d] a oibriú gan srianta timthrialla.		An 1 Iúil 2014
30	27 040-27 050 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	100 mW e.r.p.	Timthriall $\leq 0,1$ % Féadfar gairis rialaithe mionsamhlacha [d] a oibriú gan srianta timthrialla.		An 1 Iúil 2014
31	27 090-27 100 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	100 mW e.r.p.	Timthriall $\leq 0,1$ % Féadfar gairis rialaithe mionsamhlacha [d] a oibriú gan srianta timthrialla.		An 1 Iúil 2014
32	27 140-27 150 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	100 mW e.r.p.	Timthriall $\leq 0,1$ % Féadfar gairis rialaithe mionsamhlacha [d] a oibriú gan srianta timthrialla.		An 1 Iúil 2014
33	27 190-27 200 kHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	100 mW e.r.p.	Timthriall $\leq 0,1$ % Féadfar gairis rialaithe mionsamhlacha [d] a oibriú gan srianta timthrialla.		An 1 Iúil 2014
34	30-37,5 MHz	Gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha	1 mW e.r.p.	Timthriall ≤ 10 %	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin d'ionchlannáin scannáin leighis shár-ísealchumhachta le haghaidh tomhas brú fola.	An 1 Iúil 2014
93	30-130 MHz	Gairis rad-aimsithe	-36 dBm e.r.p. lasmuigh den ghléas Athshondais Mhaighnéadaigh Núicléach (AMN).		Le haghaidh feidhmeanna Athshondais Mhaighnéadaigh Núicléach (AMN) iata [j].	An 1 Iúil 2022

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriodhata cur chun feidhme
35	40,66-40,7 MHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	10 mW e.r.p.			An 1 Eanáir 2018
36	87,5-108 MHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	50 nW e.r.p.	Bandaleithead \leq 200 kHz	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do tharchuradóirí fuaime aga bhfuil modhnú minicíochta analógai (FM).	An 1 Iúil 2025
37a	169,4-169,475 MHz	Gairis Cúnta Eisteachta (ALDanna)	500 mW e.r.p.			An 1 Iúil 2025
37c	169,4-169,475 MHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	500 mW e.r.p.	Timthriall \leq 1,0 % I gcás gairis mhéadrathie [a], tá an timthriall \leq 10 %		An 1 Iúil 2025
38	169,4-169,4875 MHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	10 mW e.r.p.	Timthriall \leq 0.1 %		An 1 Eanáir 2020
39a	169,4875-169,5875 MHz	Gairis Cúnta Eisteachta (ALDanna)	500 mW e.r.p.			An 1 Iúil 2025
39b	169,4875-169,5875 MHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	10 mW e.r.p.	Timthriall \leq 0.001 % Idir 00:00 agus 06:00 am áitiúil féadfar timthriall atá \leq 0,1 % a úsáid.		An 1 Eanáir 2020
40	169,5875-169,8125 MHz	Gairis gearr-raoin neamhshonracha	10 mW e.r.p.	Timthriall \leq 0,1 %		An 1 Eanáir 2020
82	173,965-216 MHz	Gairis Cúnta Eisteachta (ALDanna)	10 mW e.r.p.	Ar bhonn raon tíunta [5]. Tá tairseach de 35 dB μ V/m ag teastáil chun glacadóir DAB atá lonnaithe 1,5 méadar ó ghaires ALD a chosaint, ag brath ar thomhais ar neart na		An 1 Iúil 2025

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriocdháta cur chun feidhme
				gcomharthaí DAB arna ndéanamh timpeall shuíomh oibriúcháin an ALD. Ba cheart don ghaires ALD oibriú, i ngach cás, ar a laghad 300 kHz ar shiúl ó imeall chainéal DAB sealbhaithe. Tá feidhm ag ceanglais maidir le teicnící chun rochtain a fháil ar speictream agus chun trasnaíocht a mhaolú [7].		
41	401-402 MHz	Gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha	25 µW e.r.p.	Bandaleithead ≤ 100 kHz Tá feidhm ag ceanglais maidir le teicnící chun rochtain a fháil ar speictream agus chun trasnaíocht a mhaolú [7]. De rogha air sin, tá feidhm ag teorainn timthrialla de 0.1 %.	Níl an tacar coinníollacha úsáide seo ar fáil ach amháin do chórais a dearadh go sonrach chun cumarsáid dhigiteach neamh-ghutha a sholáthar idir gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha agus/nó gairis a chaitear ar chorp an duine agus gairis sheachtracha eile a úsáidtear chun faisnéis fhiseolaíoch, a bhaineann le hothar aonair, nach bhfuil íogair ó thaobh ama de.	An 1 Iúil 2025
42	402-405 MHz	Gairis leighis sho-ionchlannaithe ghníomhacha	25 µW e.r.p.	Bandaleithead ≤ 300 kHz Féadfar teicnící eile a úsáid chun rochtain a fháil ar speictream nó chun trasnaíocht a mhaolú, bandaleithid níos mó ná 300 kHz san áireamh, ar choinníoll go n-áirithítear leo oibriú comhoiriúnach leis na húsáideoirí eile agus go háirithe le raidíonna sondála meitéareolaíoch [7].		An 1 Iúil 2025

Uimh. an bhanda	Banda minicíochta	Catagóir de ghairis gearr-raoin	Teorainn chumhachta tarchuir/ teorainn nirt réimse/teorainn dlúis cumhachta	Paraiméadair bhreise (rialacha maidir le cainéalú agus/nó rochtain ar chainéil agus seilbh chainéil)	Srianta úsáide eile	Spriocdháta cur chun feidhme
